2026/2311

20.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2311 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Deireadh Fómhair 2026

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí páipéir theirmigh throm áirithe de thionscnamh Phoblacht na Cóiré tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus na bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1524 ([2]), d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí páipéir theirmigh throm áirithe de thionscnamh Phoblacht na Cóiré ('na bearta bunaidh'). An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh mar thoradh air, tabharfar 'an t-imscrúdú bunaidh' anseo feasta air.

(2) Tá na dleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair ag ráta 15,8 %.

1.2. Iarraidh ar athbhreithniú éaga

(3) Tar éis fógra a fhoilsiú maidir le dul in éag atá le tarlú ([3]), fuair an Coimisiún iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

(4) Is é Comhlachas Páipéir Theirmigh na hEorpa (CPTE) agus a chomhaltaí ('na hiarratasóirí') a chuir an iarraidh ar athbhreithniú isteach an 16 Iúil 2025 thar ceann thionscal an Aontais a dhéanann páipéar teirmeach trom áirithe de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar an bhforas gur dócha go leanfaí den dumpáil agus go ndéanfaí an díobháil do thionscal an Aontais an athuair mar thoradh ar dhul in éag na mbeart.

1.3. Athbhreithniú éaga a thionscnamh

(5) I ndiaidh don Choimisiún a chinneadh, i ndiaidh dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gurbh ann d'fhianaise leordhóthanach chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain sé athbhreithniú éaga an 17 Deireadh Fómhair 2025 maidir le hallmhairí páipéir theirmigh throm áirithe de thionscnamh Phoblacht na Cóiré ('an tír lena mbaineann') isteach san Aontas, ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([4]) ('an fógra tionscnaimh').

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1524 ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí páipéir theirmigh throm áirithe de thionscnamh Phoblacht na Cóiré agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin, IO L 346, 20.10.2020, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1524/oj.
([3]) IO C, C/2025/680, 3.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/680/oj.
([4]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí páipéir theirmigh throm áirithe de thionscnamh Phoblacht na Cóiré (IO C, C/2025/5537, 17.10.2025, http://data.europa.eu/eli/C/2025/5537/oj).

1.4. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(6) Cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe') leis an imscrúdú maidir le leanúint den dumpáil nó é a dhéanamh an athuair. An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh an díobháil arís, is imscrúdú é ina gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ('an tréimhse faoi bhreithniú').

1.5. **Páirtithe leasmhara**

(7) San fhógra tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún na hiarratasóirí, na táirgeoirí aitheanta i bPoblacht na Cóiré agus údaráis Phoblacht na Cóiré, allmhaireoirí agus úsáideoirí aitheanta, chomh maith le comhlachais arbh eol lena mbaineann, ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an éaga agus thug sé cuireadh dóibh páirt a ghlacadh ann.

(8) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

1.6. **Sampláil**

(9) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Táirgeoirí an Aontais a shampláil

(10) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó de tháirgeachta agus de dhíolachán an táirge chomhchosúil san Aontas idir an 1 Iúil 2024 agus an 30 Meitheamh 2025. Is éard a bhí sa sampla sin trí tháirgeoir de chuid an Aontais in dhá Bhallstát éagsúla. I bhfianaise na sonraí a bhí ar fáil ag an gcéim thionscnaimh, bhí os cionn 50 % de tháirgeacht an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil i gceist le táirgeoirí sampláilte an Aontais agus bhí os cionn 70 % de dhíolacháin an táirge chomhchosúil ag táirgeoirí an Aontais. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt faoin sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil. Deimhníodh an sampla an 30 Deireadh Fómhair 2025. Is sampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais é. Thug an Coimisiún treoir do tháirgeoirí sampláilte an Aontais freagra a thabhairt ar an gceistneoir a cuireadh ar fáil ar líne ([5]) lá an tionscnaimh.

Allmhaireoirí a shampláil

(11) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar.

(12) Níor sholáthair aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nár ghá sampláil a dhéanamh.

Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin i bPoblacht na Cóiré

(13) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, más gá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta i bPoblacht na Cóiré an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Phoblacht na Cóiré chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(14) Níor sholáthair aon táirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus níor thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nár ghá sampláil a dhéanamh. Níor chomhoibrigh aon táirgeoir i bPoblacht na Cóiré leis an imscrúdú.

([5]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2816.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir**

(15) An lá a tionscnaíodh an t-imscrúdú, chuir an Coimisiún ceistneoirí ar fáil ar a shuíomh gréasáin ([6]) le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin, táirgeoirí de chuid an Aontais, allmhaireoirí neamhghaolmhara san Aontas agus úsáideoirí san Aontas. D'iarr an Coimisiún ar tháirgeoirí sampláilte an Aontais an ceistneoir a bhí beartaithe dóibh a líonadh isteach. Ina theannta sin, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig CPTE inar iarradh macrashonraí faoi thionscal an Aontais.

(16) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó na táirgeoirí shampláilte de chuid an Aontais agus ó CPTE.

1.8. **Fíorú**

(17) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil agus den díobháil nó go ndéanfar an athuair iad agus maidir le leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán: Táirgeoirí an Aontais:

— Jujo Thermal Oy, Kauttua, an Fhionlainn;

— Kanzan Spezialpapiere GmbH, Düren, an Ghearmáin;

— Koehler Paper SE, Oberkirch, an Ghearmáin.

(18) Fíoraíodh an freagra ar an gceistneoir maidir le macrashonraí a cuireadh isteach thar ceann thionscal an Aontais ag áitreabh a ionadaí dhlíthiúil sa Bhruiséil.

1.9. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(19) An 30 Meitheamh 2026, nocht an Coimisiún na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar an mbonn a bhí sé beartaithe aige na dleachtanna frithdhumpála a choinneáil ar bun ('nochtadh deiridh'). Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(20) Fuarthas barúlacha ó na hiarratasóirí. Níor thug aon pháirtí leasmhar eile barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh.

(21) Bhreithnigh an Coimisiún na barúlacha arna ndéanamh ag na hiarratasóirí agus cuireadh san áireamh iad, i gcás inarb iomchuí. Deonaíodh éisteacht do na páirtithe a d'iarr amhlaidh.

1.10. **Sonraí a chur i láthair**

(22) Tá cuid de na figiúirí a chuirtear i láthair thíos i bhfoirm raonta ionas nach nochtfar faisnéis rúnda mar gheall ar an líon teoranta páirtithe atá ag soláthar na faisnéise sin.

2. **AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

2.1. **An táirge faoi athbhreithniú**

(23) Is é atá sa táirge atá faoi réir an athbhreithnithe seo, an táirge céanna a bhí san imscrúdú bunaidh, is é sin páipéar teirmeach trom áirithe a shainmhínítear mar pháipéar teirmeach ina bhfuil meáchan is mó ná 65 g/m^2; a dhíoltar ar rollaí atá 20 cm nó níos mó ar leithead, ina bhfuil meáchan 50 kg nó níos mó (lena n-áirítear páipéar) agus atá 40 cm nó níos mó ar trastomhas (ollrollaí); agus bonnbhrat air nó gan bhonnbhrat bheith air, ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh; é brataithe le substaint theirmea-íogair (i.e. meascán ruaime agus réalóir a imoibríonn agus a chruthaíonn íomhá nuair a chuirtear teas i bhfeidhm) ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh; agus brat uachtair air nó gan bheith air ('an táirge faoi athbhreithniú').

([6]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2816.

(24) Is páipéar speisialtachta atá i bpáipéar teirmeach trom. Tá brat gníomhach teirmeach air a imoibríonn chun íomhá a chruthú nuair a chuireann printéirí le cnogaí printéara teirmeacha teas i bhfeidhm air. Úsáidtear páipéar teirmeach trom go príomha le haghaidh lipéid fhéinghreamaitheacha le haghaidh pacáistíochta, agus úsáidtear freisin é le haghaidh ticéad agus clibeanna.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(25) Is éard atá sa táirge lena mbaineann an t-imscrúdú seo, an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Phoblacht na Cóiré atá faoi láthair faoi chóid AC ex 4809 90 00, ex 4811 59 00 agus ex 4811 90 00 (cóid TARIC 4809 90 00 20, 4811 59 00 20 agus 4811 90 00 20).

2.3. **An táirge comhchosúil**

(26) Faoi mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, is amhlaidh a deimhníodh leis an imscrúdú den athbhreithniú éaga sin go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha agus teicniúla céanna, mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi athbhreithniú a táirgeadh agus a díoladh ar mhargadh intíre Phoblacht na Cóiré;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin leis an gcuid eile den domhan; agus

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(27) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Réamhbharúlacha**

(28) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, leanadh d'allmhairiú páipéir theirmigh throm ó Phoblacht na Cóiré, cé go raibh na hallmhairí ar leibhéal ní b'ísle ná mar a bhí i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh (i.e. ón 1 Iúil 2018 go dtí an 30 Meitheamh 2019). De réir thábla 2 thíos, luainigh allmhairí páipéir theirmigh throm ó Phoblacht na Cóiré. Ba 2.5 % de mhargadh an Aontais iad na hallmhairí sin le linn thréimhse an imscrúdúcháin an athbhreithnithe, i gcomparáid le 10-11 % de sciar den mhargadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh. I ndearbhthéarmaí, 18 500 – 20 500 tona a bhí sna hallmhairí ó Phoblacht na Cóiré i dtréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh, ach 2 036 thona a bhí sna hallmhairí sin i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe san imscrúdú seo. I dtéarmaí coibhneasta, tháinig laghdú 80 % ar mhéid onnmhairí chuig an Aontas, agus i ndearbhthéarmaí, bhí laghdú 16 464 tona ar a laghad ann.

(29) Mar a luaitear in aithris (14), níor chomhoibrigh aon onnmhaireoirí ná táirgeoirí ó Phoblacht na Cóiré san imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún údaráis Phoblacht na Cóiré ar an eolas go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhair, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí a bhaineann le Poblacht na Cóiré. Iarradh ar Mhisean Phoblacht na Cóiré chuig an Aontas Eorpach a bharúil a thabhairt maidir leis an tsaincheist sin tráth nach déanaí ná an 14 Samhain 2025. Níor cuireadh aon bharúil faoi bhráid an Choimisiúin.

(30) Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, bhí na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, go háirithe suíomhanna gréasáin oifigiúla cuideachtaí, faisnéis san iarraidh ar athbhreithniú agus faisnéis a fuarthas ó na hiarratasóirí le linn imscrúdú an athbhreithnithe. In éagmais liostaí praghsanna foilsithe nó comhar ó pháirtithe leasmhara seachas na hiarratasóirí le linn an imscrúdaithe, rinne an Coimisiún cros-seiceáil ar fhaisnéis ábhartha sa ghearán in aghaidh staitisticí allmhairiúcháin oifigiúla agus suíomh gréasáin an phríomhtháirgeora onnmhairiúcháin aitheanta de chuid na Cóiré.

3.2. **Leanúint na dumpála le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe**

3.2.1. *An Gnáthluach*

(31) Mar a luadh san aithris thuas, in éagmais comhoibriú ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin i bPoblacht na Cóiré, d'úsáid an Coimisiún na fíorais a bhí ar fáil chun an gnáthluach a shuí. Chuige sin, bhunaigh an Coimisiún a thorthaí ar shonraí a chuir na hiarratasóirí ar fáil san iarraidh mar a tugadh cothrom le dáta ina dhiaidh sin. Ba ghnáthluach ríofa iad na sonraí sin le haghaidh na tréimhse ó mhí Iúil 2024 go mí an Mheithimh 2025 bunaithe ar mheastachán ar chostas thosca táirgeachta ábhartha an táirge chomhchosúil i bPoblacht na Cóiré (is é sin laíon, ceimiceáin, saothar, fuinneamh agus forchostais mhonarchan) arna mhéadú le méid réasúnta le haghaidh costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('costais SGA') agus le corrlach brabúis réasúnta. Ní raibh liostaí praghsanna ar mhargadh intíre na Cóiré ar fáil ar shuíomh gréasáin an phríomhtháirgeora onnmhairiúcháin aitheanta de chuid na Cóiré. Is éard a bhí sa ghnáthluach ríofa measta praghas intíre díreach ón monarcha de EUR 2 060 in aghaidh an tona.

3.2.1.1. An praghas onnmhairiúcháin

(32) In éagmais comhair ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin ó Phoblacht na Cóiré, cinneadh an praghas onnmhairiúcháin bunaithe ar phraghas CAL Eurostat a léirítear i dtábla 3, arna choigeartú le haghaidh lascainí iarchurtha is gnách san earnáil agus arna gceartú ansin chuig leibhéal díreach ón monarcha. Laghdaíodh an praghas CAL de réir costais iompair ábhartha agus costais árachais aigéin bunaithe ar mheastacháin na n-iarratasóirí.

(33) Dá bhrí sin, ba é EUR 1 827,7 in aghaidh an tona an praghas onnmhairiúcháin díreach ón monarcha le haghaidh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(34) Thug an Coimisiún dá aire, san imscrúdú bunaidh, gur díoladh thart ar 30 % d'onnmhairí na Cóiré chuig an Aontas trí chuideachta chomhlachaithe san Aontas a bhí ag gníomhú mar allmhaireoir ([7]). Thug an Coimisiún dá aire freisin, de réir an iarratasóra, gur gnách lacáistí agus lascainí áirithe (e.g. lacáistí méide) a tharlaíonn tar éis dháta an allmhairithe in earnáil an pháipéir theirmigh ([8]). I bhfianaise an chinnidh maidir le dumpáil in aithris (35) chomh maith le cineál an imscrúdaithe sin ar an athbhreithniú éaga, ina ndírítear ar a chinneadh ar leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nó an bhféadfadh sí tarlú arís, seachas corrlach dumpála beacht nua a ríomh, chinn an Coimisiún, áfach, nach raibh gá le coigeartuithe ar an bpraghas onnmhairiúcháin le haghaidh méid measta díolachán trí pháirtithe gaolmhara, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán, agus le haghaidh lacáistí méide measta, i gcomhréir le hAirteagal 2(10)(c), toisc nach mbeadh mar thoradh air ach laghdú ar an bpraghas onnmhairiúcháin agus, dá bhrí sin, corrlach dumpála níos airde. Dá bhrí sin, is toradh ar chur chuige coimeádach iad na praghsanna onnmhairiúcháin a úsáidtear.

3.2.1.2. Comparáid agus corrlach dumpála

(35) Rinne an Coimisiún comparáid idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin mar a shuitear in aithrisí (31)-(33) thuas. Ba é 11,4 % an difríocht idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin arna shloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc. Ós rud é gur toradh iad na praghsanna onnmhairiúcháin a úsáidtear ar chur chuige coimeádach, mar a mhínítear in aithris (34), d'fhéadfadh an corrlach dumpála iarbhír a bheith níos airde. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aon chás gur leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4. **AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DUMPÁIL**

(36) Sa bhreis ar an toradh lena bhfuarthas gurbh ann don dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise i bPoblacht na Cóiré agus tarraingteacht mhargadh an Aontais i gcomparáid le margaí eile.

(37) Mar thoradh ar neamh-chomhoibriú tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Cóiré, bhí an scrúdú sin bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil don Choimisiún, is é sin faisnéis a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú agus faisnéis ó fhoinsí eile a bhí ar fáil, mar a thugtar faoi deara in aithris (30).

([7]) Aithris (50) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/1524.
([8]) Pointe 95 den iarraidh.

4.1. **Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise i bPoblacht na Cóiré**

(38) I dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ba é Hansol Paper an t-aon táirgeoir onnmhairiúcháin ón tír lena mbaineann. De réir na faisnéise margaidh, ba é Hansol Paper an táirgeoir ba mhó i bhfad den táirge faoi athbhreithniú i bPoblacht na Cóiré. Léiríodh san iarraidh gur ann do tháirgeoir eile i bPoblacht na Cóiré, táirgeoir nár chomhoibrigh leis an athbhreithniú éaga reatha ná leis an imscrúdú bunaidh agus acmhainneacht táirgeachta 15 000 tona in aghaidh na bliana aige.

(39) Ag brath ar an bhfoinse agus ar an bpeirspictíocht, i bPoblacht na Cóiré, bhí éagsúlacht in acmhainneacht táirgeachta bhliantúil an rannáin lena n-áirítear páipéar teirmeach trom. Bhí sé idir 275 000 tona ([9]) agus 355 000 tona ([10]) in aghaidh na bliana. In 2021, bhí táirgeadh páipéir theirmigh i bPoblacht na Cóiré ag thart ar 240 000 tona ([11]).

(40) I bhfianaise a bhfuil thuas, cé nach raibh an Coimisiún in ann an acmhainneacht bhreise i bPoblacht na Cóiré a chainníochtú le haghaidh an táirge faoi athbhreithniú le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, d'fhéadfadh sé a shuí go bhfuil an acmhainneacht táirgeachta tábhachtach, agus í cúig huaire níos mó ar a laghad ná an tomhaltas intíre i bPoblacht na Cóiré. Thairis sin, d'fhógair Hansol Paper féin arís agus arís eile go poiblí ina thuarascálacha airgeadais go raibh sé ar intinn aige a ghnó páipéar teirmeach a leathnú. Is féidir le Hansol Paper a tháirgeadh agus a dhíolacháin páipéir theirmigh a leathnú ar roinnt bealaí, lena n-áirítear trí acmhainneachtaí a athrú ó ghrúpa táirgí amháin go grúpa táirgí eile. Mar a luaigh Hansol Paper féin in *2024 Hansol Paper Sustainability Report* [i dTuarascáil Hansol Paper maidir le hInbhuanaitheacht 2024] ([12]), tá saoráidí táirgthe solúbtha ag Hansol Paper gan aon agó. Fiú mura bhfuil cainníochtú na solúbthachta le fáil go follasach, ós rud é go raibh sé le feiceáil sa tuarascáil, tugtar le fios nach beag an tsolúbthacht chéanna agus, dá bhrí sin, gur fiú fógra poiblí a dhéanamh faoi. Aon leathnú ar an acmhainneacht i bPoblacht na Cóiré, chuirfeadh sé le táirgeadh páipéir theirmigh na Cóiré, a raibh os cionn 200 % den tomhaltas bliantúil páipéir theirmigh throm in acmhainneacht an Aontais i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gceist leis cheana féin (féach tábla 1).

4.2. **Tarraingteacht mhargadh an Aontais**

(41) Measadh go sroichfeadh tomhaltas domhanda páipéir theirmigh throm thart ar 776 000 tona in 2026. Tá margadh intíre páipéir theirmigh throm Phoblacht na Cóiré beag ([13]) (thart ar 23 100 tona in 2021). Fiú nuair a ghlactar leis go bhféadfaí páipéar teirmeach trom a dhíol ar phraghsanna arda i margadh intíre na Cóiré, níl aon chosúlacht ann go bhfásfaidh margadh intíre na Cóiré go fóinteach ná go n-ionsúfaidh sé aon acmhainneacht bhreise.

([9]) Laves Chemie Consulting: *Thermal Paper 2021-2026 World Market Study*, Iarscríbhinn 10 a ghabhann leis an iarraidh, lch 4. Baineann acmhainneachtaí le Poblacht na Cóiré ina hiomláine.

([10]) HAcmhainneacht deartha Hansol Paper d'ábhar brataithe teirmeach mar a shuitear in aithris (57) de Rialachán (AE) 2023/1330 an 29 Meitheamh 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí páipéir theirmigh éadroim áirithe de thionscnamh Phoblacht na Cóiré tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 166, 30.6.2023, lch. 76, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1330/oj).

([11]) Laves Chemie Consulting: *Thermal Paper 2021-2026 World Market Study*, Iarscríbhinn 10 a ghabhann leis an iarraidh, tábla *'Balance of Supply and Demand in Metric Tonnes'*, lch 21.

([12]) Tuarascáil Hansol Paper maidir le hInbhuanaitheacht 2024 le fáil ag https://www.hansolpaper.co.kr/m/eng/management/data. Tá an méid seo ar lch 11 den tuarascáil: '…. Chruthaigh infheistíocht saoráide Shintanjin Mill... in 2018 córas saoráide solúbtha a d'fhéadfadh páipéar priontála agus páipéar teirmeach a tháirgeadh...'.

([13]) Laves Chemie Consulting: *Thermal Paper 2021-2026 World Market Study*, Iarscríbhinn 10 a ghabhann leis an iarraidh, tábla *'Balance of Supply and Demand in Metric Tonnes'*, leathanach 22, inar suíodh gurbh é an tomhaltas páipéir theirmigh sa Chóiré agus 55 000 tona in 2021. Bhreithnigh an Coimisiún 42 % den iomlán ar an bhforas go suíodh leis an tábla *Consumption by Grade and Geographic Area 2021* atá le fáil i *Thermal Paper 2021-2026 World Market Study* le Laves Chemie Consulting (Iarscríbhinn 10 a ghabhann leis an iarraidh) gurbh é 75/80 gsm agus 120 gsm agus 42 % den tomhaltas páipéir theirmigh iomlán in 'an chuid eile den domhan', lena n-áirítear Poblacht na Cóiré.

(42) Dá bhrí sin, tá tionscal páipéir theirmigh throm na Cóiré dírithe ar onnmhairiú. Léiríonn staitisticí onnmhairiúcháin na Cóiré gurb iad na Stáit Aontaithe agus an Rúis go mór fada na príomh-mhargaí onnmhairiúcháin le haghaidh páipéar teirmeach (gach cineál). Sna Stáit Aontaithe, rinneadh athbhreithniú le déanaí ar dhleachtanna frithdhumpála ar pháipéar teirmeach Hansol Paper go 0 % ([14]). Sa chomhthéacs sin, leanann Hansol Paper dá líonra domhanda a leathnú agus dá láithreacht mar mhonaróir domhanda páipéir a dhaingniú ([15]).

(43) Bhí an Eoraip agus Meiriceá Thuaidh le chéile ag os cionn 50 % de thomhaltas iomlán an pháipéir theirmigh throm. Níor laghdaigh na bearta frithdhumpála san Aontas a tharraingteacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé go raibh air aghaidh a thabhairt freisin ar an treocht ghinearálta maidir le tomhaltas páipéir (teirmeach) a laghdú, ba é margadh an Aontais an margadh aonair ba mhó le haghaidh páipéar teirmeach trom. Ina theannta sin, óstálann an tAontas raon leathan tiontairí páipéir theirmigh troma, cuid acu ag gníomhú ar fud an domhain, agus custaiméirí a bhfuil gealltanais maidir le freagracht shóisialta chorparáideach agus caighdeáin eile acu ar féidir leo praghsanna níos airde a íoc ná margaí eile. Tugann margadh an Aontais luach do mheascán táirgí níos costasaí (is é sin gráid saor ó fheanóil) nach ndíoltar in áiteanna eile ar domhan. Tá gráid ina bhfuil BPA, ar gráid iad atá níos saoire ná na gráid a úsáidtear san Aontas, coitianta ar fud an domhain. Níor chuir ach an tAontas, an Eilvéis, roinnt stát de chuid na Stát Aontaithe, an tSeapáin agus an Chóiré Theas cosc ar úsáid intíre grád ina bhfuil BPA.

(44) In ainneoin an ráta dleachta frithdhumpála 15,8 %, is minic a bhí na méideanna bliantúla a onnmhairíodh ó Phoblacht na Cóiré chuig an Aontas níos mó ná 4 000 tona in aghaidh na bliana, agus shroich siad 7 740 tona in 2023. Tá sé sin níos lú ná mar a bhí sa tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh, ach tá na méideanna sin fós neamhdhiomaibhseach. Ina theannta sin, leanann Hansol Paper de bheith ag taispeáint in aontaí lipéid ábhartha san Aontas ([16]). Léirigh forbairt leanúnach Hansol Paper ar líonraí trádála, ar chaidrimh le custaiméirí agus ar bhealaí dáileacháin a chumas agus a thoilteanas díolacháin agus dul i bhfód ar an margadh a mhéadú go tapa dá gceadófaí do na bearta dul in éag.

4.3. **Conclúid**

(45) Léiríodh san imscrúdú nár chuir na bearta frithdhumpála is infheidhme cosc ar shreabhadh leanúnach allmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann isteach san Aontas, ach i méideanna níos ísle i gcomparáid leis an tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin, dá rachadh na bearta in éag, gur dócha go leanfar de na cleachtais dumpála a tugadh faoi deara le linn imscrúdúchán an athbhreithnithe agus go dtreiseofar iad i bhfianaise tharraingteacht mhargadh an Aontais ó thaobh méide agus praghsála de, agus i gcomparáid le cinn scríbe onnmhairiúcháin eile a d'fhéadfadh a bheith ann freisin. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur mhór an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil dá rachadh na bearta in éag.

5. **DÍOBHÁIL**

5.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(46) Rinne naoi dtáirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin ([17]). Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(47) Suíodh gur thart ar 158 241 tona a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, is é sin freagra an cheistneora arna sholáthar ag CPTE, arna chros-seiceáil in aghaidh freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Mar a léirítear in aithris (10), roghnaíodh trí tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla, táirgeoirí a dhéanann os cionn 50 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil.

([14]) https://www.federalregister.gov/documents/2026/05/08/2026-09132/thermal-paper-from-the-republic-of-korea-final-results-and-rescission-in-part-of-antidumping-duty.

([15]) Lch. 13 Tuarascáil Hansol Paper maidir le hInbhuanaitheacht 2025, le fáil ag https://www.hansol.com/eng/resources/document/2025_HansolGroup_SR_En.pdf.

([16]) Taispeántóirí, Liosta na gCuideachtaí ag Labelexpo Europe, Barcelona, an Spáinn, Meán Fómhair 2025.

([17]) As na naoi gcinn, is táirgeoirí neamh-chomhtháite cuid acu agus scoir ceann amháin d'oibríochtaí in 2024 mar gheall ar imeachtaí dócmhainneachta.

5.2. **Tomhaltas an Aontais**

(48) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn (i) sonraí fhreagra CPTE ar an gceistneoir maidir le díolacháin an táirge chomhchosúil ag tionscal an Aontais, arna gcros-seiceáil in aghaidh an mhéid díolachán a thuairiscigh táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ina bhfreagraí fíoraithe ar an gceistneoir; agus (ii) allmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtaifeadadh ag Eurostat.

(49) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 1 —

Tomhaltas an Aontais (i dtonaí)

	2022	2023	2024	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Tomhaltas iomlán an Aontais	165 045	132 669	143 100	128 075
Innéacs	*100*	*80*	*87*	*78*

Foinse: Eurostat, freagraí fíoraithe ar an gceistneoir.

(50) Tháinig laghdú ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léirigh an t-imscrúdú gur tháinig borradh faoin táirge faoi imscrúdú le linn phaindéim COVID-19, tráth a bhain ceannacháin ar líne buaicphointe amach. Tar éis srianta COVID-19 a mhaolú, tháinig laghdú beag ar dhíolacháin mhiondíola ar líne le lipéid lóistíochta atá priontáilte ar pháipéar teirmeach trom ó 2023 ar aghaidh.

(51) Tá an laghdú foriomlán ar thomhaltas an Aontais (-22 %) le linn na tréimhse faoi bhreathnú saofa mar gheall ar an tomhaltas thar a bheith ard in 2022, mar gheall ar éileamh réasúnta ard fós tar éis COVID-19 agus straitéisí tógála stoic roinnt ceannaitheoirí tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Agus comparáid á déanamh idir leibhéal thomhaltas an Aontais i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus 2023, d'fhan tomhaltas an Aontais réasúnta cobhsaí (-2 %).

5.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

5.3.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(52) Shuigh an Coimisiún an méid allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ar bhonn thomhaltas an Aontais.

(53) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 2 —

An méid allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2022	2023	2024	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An méid allmhairí ón tír lena mbaineann (tonaí)	5 593	7 740	4 402	3 258
Innéacs	*100*	*138*	*79*	*58*
Sciar den mhargadh (%)	3,4	5,8	3,1	2,5
Innéacs	*100*	*172*	*91*	*75*

Foinse: Eurostat.

(54) D'ainneoin na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm, choinnigh allmhairí ó Phoblacht na Cóiré láithreacht neamhdhiomaibhseach ar bun i margadh an Aontais. Is féidir cuid den laghdú ar allmhairí a chur i leith an éilimh ar iarghráid páipéir theirmigh throma áirithe a bheith aistrithe chuig gráid pháipéir theirmigh éadroma (dá bhrí sin, tá siad lasmuigh de raon feidhme an imscrúdaithe seo anois) mar thoradh ar éifeachtúlachtaí méadaithe i monaraíocht páipéir theirmigh.

(55) Luainigh sciar margaidh allmhairí na Cóiré le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Shroich sé 5,8 % in 2023, bliain inar tháinig ardú as cuimse ar allmhairí. 2,5 % a bhí sa sciar den mhargadh a bhí ag an gCóiré le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(56) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3 —

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2022	2023	2024	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Poblacht na Cóiré	1 931	2 203	2 089	2 036
Innéacs	*100*	*114*	*108*	*105*

Foinse: Eurostat.

(57) Tháinig méadú 5 % ar mheánphraghsanna allmhairiúcháin le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Shroich praghsanna allmhairiúcháin buaicphointe in 2023, i gcomhréir le forbairtí ábhartha i margadh an pháipéir theirmigh throm, ar spotmhargadh praghsanna é seachas sin. I margadh an Aontais, bhí praghsanna páipéir theirmigh throma 2023 thar a bheith ard mar gheall ar phraghsanna arda laín agus tionchar chogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus mar thoradh air sin tháinig méadú ar phraghsanna fuinnimh agus ar phraghsanna roinnt ceimiceán a bhí ag teastáil chun páipéar teirmeach a tháirgeadh. Sa dara cuid den tréimhse faoi bhreathnú, rinneadh praghsanna na n-ionchur ábhartha a normalú.

(58) Léirítear i gcomparáid idir táblaí 3 agus 8 go raibh praghsanna allmhairiúcháin na Cóiré, bliain ar bhliain, faoi bhun mheánphraghas díola tháirgeoirí an Aontais san Aontas. Thug an Coimisiún dá aire nach dtugtar cuntas i dtábla 3 ar na lascainí iarchurtha agus ar na lacáistí eile a tharlaíonn tar éis an allmhairithe agus, de réir na faisnéise san iarraidh, gur gnách iad a úsáid san earnáil.

(59) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

(a) meánphraghas na n-allmhairí ón tír lena mbaineann de réir shonraí Eurostat, lena n-áirítear an dleacht frithdhumpála, le coigeartuithe iomchuí le haghaidh gnáthlascainí agus lacáistí iarchurtha (i.e. lúide EUR 70,75 de réir mheastacháin na n-iarratasóirí), dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin; agus

(b) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineálacha táirge comhfhreagracha na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha. In éagmais comhair ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Cóiré, bhí liosta idirbheart ar idirbheart an táirgeora onnmhairiúcháin de chuid na Cóiré san imscrúdú bunaidh ina bhonn chun cineálacha táirgí de chuid na Cóiré a thagann isteach i margadh an Aontais a shainaithint.

(60) Sloinneadh torthaí na comparáide ina chéatadán de láimhdeachas na dtáirgeoirí de chuid an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ar an mbonn sin, rinne allmhairí na Cóiré sladghearradh 4 % ar phraghsanna thionscal an Aontais.

(61) Tar éis an nochta deiridh, shonraigh na hiarratasóirí nach léireodh an anailís sladghearrtha thuas éifeacht na bpraghsanna allmhairiúcháin ach go páirteach agus léirigh sí ísliú praghsanna agus sochtadh praghsanna. Áirítear an anailís sin faoi roinn 6.1 den Rialachán seo.

5.4. **Allmhairí ó thríú tíortha seachas Poblacht na Cóiré**

(62) Is mar a leanas a d'fhorbair méid (comhiomlánaithe) na n-allmhairí isteach san Aontas mar aon leis an sciar den mhargadh agus na treochtaí praghais a bhain le hallmhairí páipéir theirmigh throma ó thríú tíortha eile:

Tábla 4 —

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2022	2023	2024	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
an tSeirbia	Méid (tonaí)	1 262	1 755	1 674	1 589
	Innéacs	*100*	*139*	*133*	*126*
	Sciar den mhargadh (%)	0,8	1,3	1,2	1,2
	Meánphraghas (EUR/tona)	2 393	3 562	3 521	3 534
	Innéacs	*100*	*149*	*147*	*148*
Tríú tíortha eile	Méid (tonaí)	1 534	3 522	2 060	2 497
	Innéacs	*230*	*134*	*163*	*230*
	Sciar den mhargadh (%)	0,9	2,7	1,4	2
	Meánphraghas (EUR/tona)	4 887	2 265	2 850	2 853
	Innéacs	*100*	*46*	*58*	*58*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tír lena mbaineann	Méid (tonaí)	2 795	5 278	3 734	4 086
	Innéacs	*100*	*189*	*134*	*146*
	Sciar den mhargadh (%)	1,7	4	2,6	3,2
	Meánphraghas (EUR/tona)	3 761	2 696	3 151	3 118
	Innéacs	*100*	*72*	*84*	*83*

Foinse: Eurostat.

(63) Bhí luaineacht sna méideanna allmhairí ó thríú tíortha seachas an tír lena mbaineann. Bhí a sciar den mhargadh idir 1,7 % agus 4 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus ba é 3,2 % a sciar le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(64) Tháinig laghdú ar mheánphraghsanna allmhairiúcháin le haghaidh allmhairí ó thríú tíortha seachas an tír lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú ach bhí siad fós i bhfad níos airde bliain ar bhliain ná na meánphraghsanna allmhairiúcháin le haghaidh allmhairí ón tír lena mbaineann agus níos airde ná praghsanna díola tháirgeoirí an Aontais i margadh an Aontais.

5.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

5.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(65) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(66) Mar a luaitear in aithris (10), úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a mheasúnú.

(67) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí san fhreagra a thug CPTE ar an gceistneoir. Na sonraí sin a bhaineann le táirgeoirí uile an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir. Bhain na sonraí sin mar sin leis na táirgeoirí sampláilte san Aontas. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(68) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo.

(69) Is iad seo na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

5.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

5.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(70) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5 —

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2022	2023	2024	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid táirgeachta (tonaí)	224 496	157 029	180 402	155 879
Innéacs	*100*	*70*	*80*	*69*
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	248 718	249 857	258 645	251 405
Innéacs	*100*	*100*	*104*	*101*
Úsáid acmhainneachta (%)	90	63	70	62
Innéacs	*100*	*70*	*77*	*69*

Foinse: Ceistneoir macrashonraí fíoraithe curtha isteach ag CPTE.

(71) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 31 % ar mhéid táirgeachta thionscal an Aontais, agus bhí an laghdú ba láidre ann idir 2022 agus 2023. Is cosúil go bhfuil an laghdú an-ard mar gheall ar leibhéal táirgeachta an-ard thionscal an Aontais in 2022, rud a bhí ina fhreagairt ar an mbuaicphointe i dtomhaltas an Aontais an bhliain sin dá dtagraítear i Roinn 5.2 thuas. Tugtar faoi deara freisin gur dhíol an táirgeoir de chuid an Aontais Mitsubishi HiTec Paper Europe GmbH ceann dá mhuilte in 2023. Laghdaigh an muileann a díoladh táirgeadh páipéir theirmigh throm ach ar deireadh chuir sé deireadh iomlán leis an táirgeadh ag deireadh 2024.

(72) Tháinig méadú 1 % ar an acmhainneacht táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar gheall ar fhorbairtí nach mbaineann le héabhlóid an tomhaltais. Sa bhreis ar an ábhar sonrach muilinn dá dtagraítear san aithris thuas, bhí tionchar ag athruithe ar leithdháileadh acmhainneachta agus infheistíochtaí i gcoigilteas costais agus éifeachtúlachtaí méadaithe ar fhorbairt na hacmhainneachta táirgeachta, rud a d'fhág, ar an iomlán, go ndearnadh feabhsuithe beaga ar an acmhainneacht.

(73) Tá an laghdú 31 % ar an ráta úsáide acmhainneachta le linn na tréimhse iomláine ar aon dul leis an laghdú ar an méid táirgeachta agus mar thoradh ar dheiseanna/orduithe díolacháin laghdaithe. Tá an ráta úsáide acmhainneachta 62 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ró-íseal do ghnólacht atá dian ar chaipiteal agus a bhfuil costais sheasta arda aige.

5.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(74) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6 —

An méid allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2022	2023	2024	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An méid díolachán ar mhargadh an Aontais (tona)	156 657	119 652	134 964	120 730
Innéacs	*100*	*76*	*86*	*77*
Sciar den mhargadh (%)	94,9	90,2	94,3	94,3
Innéacs	*100*	*95*	*99*	*99*

Foinse: Ceistneoir macrashonraí fíoraithe curtha isteach ag CPTE agus sonraí Eurostat.

(75) Tháinig laghdú ar mhéid díolachán thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú i gcomhréir leis an laghdú ar thomhaltas an Aontais. Thit méideanna díolachán, áfach, 4 phointe céatadáin níos mó ná tomhaltas an Aontais in 2023, an bhliain ina raibh allmhairí ón gCóiré ar phraghsanna ísle ar an leibhéal ab airde.

(76) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'fhan sciar thionscal an Aontais den mhargadh san Aontas cobhsaí ag thart ar 94 %, ach amháin in 2023, bliain inar shroich allmhairí na Cóiré (ar phraghas níos mó ná 10 % níos saoire ná costas táirgthe thionscal an Aontais) buaicphointe. In 2023, bhí costas táirgthe thionscal an Aontais thar a bheith ard agus chaill sé sciar nach beag den mhargadh d'allmhairí saora na Cóiré.

5.5.2.3. Fás

(77) Tháinig laghdú ar mhéid táirgeachta tionscail an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú níos mó ná tomhaltas an Aontais. Is é is cúis leis sin, i bpáirt, iomaíocht ghéar sna margaí domhanda uile.

(78) Tháinig laghdú ar mhéid díolachán thionscal an Aontais san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar shlí a bhí cosúil le tomhaltas an Aontais. Sa chuid dheireanach den tréimhse faoi bhreathnú, d'éirigh le táirgeoirí an Aontais an sciar den mhargadh a cailleadh in 2023 a fháil ar ais trí dhíol faoi bhun a gcostas táirgthe.

5.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(79) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7 –

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2022	2023	2024	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An líon fostaithe	1 047	1 055	937	900

	2022	2023	2024	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Innéacs	*100*	*101*	*89*	*86*
Táirgiúlacht (tona/fostaí)	214	149	193	173
Innéacs	*100*	*69*	*90*	*81*

Foinse: Ceistneoir macrashonraí fíoraithe curtha isteach ag CPTE.

(80) Laghdaigh tionscal an Aontais a lucht saothair 14 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar thoradh ar laghdú ar mhéideanna díolachán agus ar shochtadh praghsanna táirgthe agus díola. Mar thoradh ar dhúnadh an mhuilinn dá dtagraítear in aithris (71) agus ar phróisis athstruchtúraithe a rinneadh laistigh de tháirgeoirí áirithe de chuid an Aontais, cailleadh poist dhíreacha. Níl poist indíreacha a cailleadh san áireamh i dTábla 7.

(81) Leanann an laghdú ar tháirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú an laghdú ar tháirgeacht an Aontais, cé nach bhfuil an laghdú ar tháirgiúlacht chomh géar céanna de réir mar a chuireann táirgeoirí an Aontais luach ar a bhfostaithe agus de réir mar a rinne siad iarracht teorainn a chur le leagan as foirne.

5.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(82) Bhí an corrlach dumpála a suíodh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i bhfad os cionn an leibhéil de minimis. An tráth céanna, bhí leibhéal na n-allmhairí le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe neamhdhiomaibhseach, agus iad ag 2,5 % de thomhaltas an Aontais. Dá bhrí sin, bhí an tionchar ar mhéid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais fónta.

(83) Chuir allmhairí leanúnacha ar phraghas éagórach ón tír lena mbaineann cosc ar thionscal an Aontais téarnamh ó chleachtais dumpála roimhe seo.

5.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

5.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(84) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8 —

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/tona)

	2022	2023	2024	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánphraghas díola aonaid díreach ón monarcha san Aontas	2 069	2 295	2 126	2 099
Innéacs	*100*	*111*	*103*	*101*
Costas aonaid an táirgthe	1 950	2 521	2 138	2 281
Innéacs	*100*	*129*	*110*	*117*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(85) Tháinig ardú tobann ar phraghsanna díola in 2023, ach níor chúitigh an méadú ar phraghsanna an t-ardú ar chostas aonaid an táirgthe, a bhí i bhfad níos airde. Tháinig laghdú ar phraghsanna díola in 2024, i gcomhréir le normalú chostais na n-ionchur mór. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí praghsanna díola beagnach ar an leibhéal céanna agus a bhí in 2022 agus ar éigean os cionn an mheánphraghais díola aonaid díreach ón monarcha le linn na tréimhse imscrúdúcháin san imscrúdú bunaidh (a bhí idir 2 060 – 2 070 EUR/tona).

(86) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú tháinig méadú 17 % ar chostas aonaid an táirgthe. Baineann costais sheasta arda le páipéar teirmeach trom a tháirgeadh, agus dá bhrí sin is é an laghdú ar úsáid acmhainneachta is cúis le méadú den sórt sin i bpáirt. Ina theannta sin, tháinig méadú foriomlán ar na costais a bhaineann leis na príomh-ionchuir (fuinneamh, laíon agus roinnt ceimiceán), go háirithe in 2023. Ba é 2 281 EUR/tona costas aonaid an táirgthe i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rud a bhí go mór os cionn chostas aonaid an táirgthe sa tréimhse imscrúdúcháin san imscrúdú bunaidh (a bhí idir 1 880 – 1 890 EUR/tona).

5.5.3.2. Costais saothair

(87) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9 —

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2022	2023	2024	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	79 430	80 024	78 766	79 081
Innéacs	*100*	*101*	*99*	*100*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(88) D'fhéach táirgeoirí an Aontais le costais saothair a choinneáil faoi smacht agus a ngealltanais mar fhostóir a chomhlíonadh go hiomlán. Tá na meánchostais saothair chobhsaí in aghaidh an fhostaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar thoradh ar mheascán tosca, cuid acu ag spreagadh costais saothair in airde agus cuid eile acu á mbrú síos. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú ar an meánphá in aghaidh an fhostaí i gcomhréir leis na méaduithe bliantúla ar chostas saothair sa Ghearmáin agus san Fhionlainn ([18]). Tháinig laghdú ar mheánchostais saothair, áfach, i gcás roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais mar thoradh ar mhúchadh sealadach agus am oibre laghdaithe (le costais saothair laghdaithe don táirgeoir de chuid an Aontais).

5.5.3.3. Fardail

(89) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10 —

Fardail

	2022	2023	2024	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Stoic dheiridh (tonaí)	15 432	11 637	13 514	12 992
Innéacs	*100*	*75*	*88*	*84*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht (%)	11,9	13,1	12,6	13,7
Innéacs	*100*	*111*	*107*	*115*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(90) D'ainneoin iarrachtaí táirgeoirí an Aontais an caipiteal oibre a laghdú, tháinig méadú 15 % ar leibhéil na stoc deiridh mar chéatadán de tháirgeacht thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí na stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht 13,7 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, dá bhrí sin beagán níos airde ná mar a bhí le linn thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh. An tráth sin, bhí na stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht idir 12 – 13 %.

([18]) https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/SEPDF/cache/3784.pdf.

5.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(91) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11 —

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2022	2023	2024	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	6,9	- 4,9	1,7	- 3,6
Innéacs	*100*	*- 70*	*24*	*- 53*
Sreabhadh airgid (EUR)	14 904 866	2 181 396	6 556 833	5 918 599
Innéacs	*100*	*15*	*44*	*40*
Infheistíochtaí ([1]) (EUR)	10 000 000 – 12 000 000	14 500 000 – 15 500 000	7 000 000 – 9 000 000	3 000 000 – 4 000 000
Innéacs	*100*	*134*	*74*	*30*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	30	- 18	3	- 13
Innéacs	*100*	*- 60*	*9*	*- 44*

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.
([1]) I raonta toisc go mbaineann formhór na méideanna i mblianta áirithe le táirgeoir amháin de chuid an Aontais.

(92) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. D'iompaigh na brabúis in 2022 ina gcaillteanais in 2023, i gcomhthéacs costas táirgthe i bhfad níos airde nach bhféadfaí a chur ar aghaidh chuig custaiméirí, agus i gcomhthéacs allmhairí móra ar phraghas íseal ón gCóiré freisin. D'fhéadfaí caillteanais a choinneáil faoi smacht in 2024 cé gur tháinig siad ar ais i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe toisc gur tháinig méadú ar mheánchostas aonaid táirgthe thionscal an Aontais an tráth sin, rud atá contrártha do mheánphraghas díola thionscal an Aontais.

(93) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Lean an treocht i nglansreabhadh airgid go dlúth treocht na brabúsachta, an laghdú is géire ar shreabhadh airgid a tharla in 2023 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(94) Thit infheistíochtaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ní dhearna ach táirgeoir amháin de chuid an Aontais infheistíochtaí móra sa tréimhse 2022-2024 d'fhonn costais a shábháil agus éifeachtúlachtaí a mhéadú. Seachas sin, bhí sé d'aidhm ag formhór na n-infheistíochtaí na hacmhainneachtaí atá ann cheana a choinneáil agus na sócmhainní táirgthe is gá a ionadú. Is tionscal atá dian ar shócmhainní é táirgeadh páipéir theirmigh throm agus tá moill á cur ar fheabhsuithe agus ar infheistíochtaí eile mar gheall ar an mbrabúsacht lag.

(95) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. I gcomhréir leis an mbrabúsacht, bhí sé diúltach i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(96) Bhí an cumas caipiteal a chruinniú éagsúil ó tháirgeoir de chuid an Aontais go táirgeoir de chuid an Aontais. Cuireadh isteach go mór ar mhonaróir a raibh próisis athstruchtúraithe á ndéanamh air.

5.6. **Conclúid maidir le díobháil**

(97) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí díobháil ábhartha agus phaitinne do thionscal an Aontais i dtéarmaí táscairí díobhála a bhaineann le praghsanna amhail brabúsacht nó sreabhadh airgid. Cuireadh stop leis an téarnamh a tugadh faoi deara in 2022 mar gheall ar mhéadú mór ar an gcostas táirgthe in 2023 nach bhféadfaí a chur ar aghaidh chuig custaiméirí i bhfoirm méaduithe ar phraghsanna. Ós rud é nárbh fhéidir na costais uile a aisghabháil in 2023, laghdaíodh na méideanna táirgeachta an bhliain sin ach tháinig méadú sealadach ar dhíolacháin ansin in 2024, ach thit siad arís le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(98) Is éard a bhí i gceist leis na leibhéil ísle brabúis a d'iompaigh ina gcaillteanais, ar an iomlán, go raibh leibhéal infheistíochtaí thionscal an Aontais íseal go díobhálach. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le dífheidhmeacht sócmhainní, le fadhbanna táirgthe agus le deacracht maidir le spriocanna comhshaoil a chomhlíonadh.

(99) Is tionscal atá dian ar shócmhainní é táirgeadh páipéir theirmigh throm ach d'fhan ráta úsáide acmhainneachta thionscal an Aontais íseal mar gheall ar na deiseanna teoranta díolacháin ar leibhéil praghsanna inbhuanaithe. Tháinig laghdú ar dhíolacháin san Aontas, rud a bhí ar aon dul ar an iomlán leis an laghdú ar thomhaltas an Aontais.

(100) Mar thoradh ar an sleabhcadh eacnamaíoch, cailleadh poist laistigh de roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais, agus bhí deacrachtaí ag cuid acu caipiteal a chruinniú.

(101) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba é conclúid an Choimisiúin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

6. **CÚISÍOCHT**

(102) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna.

6.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(103) Mar a mhínítear i Roinn 5.3 thuas, d'ainneoin na mbeart frithdhumpála, choinnigh allmhairí ó Phoblacht na Cóiré láithreacht ar bun i margadh an Aontais, agus sciar 2,5 % den mhargadh acu le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Thairis sin, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí praghsanna allmhairiúcháin na Cóiré faoi bhun mheánphraghas díola tháirgeoirí an Aontais san Aontas agus léiríodh sladghearradh 4 % san imscrúdú.

(104) Léiríodh i gcomparáid idir praghsanna thionscal an Aontais agus a chostais táirgthe gur tháinig méadú ar chostais ar ráta i bhfad níos tapúla ná praghsanna. In 2023, mar a tugadh faoi deara i Roinn 5.5.3.1 thuas, bhí ar tháirgeoirí an Aontais aghaidh a thabhairt ar chostais mhéadaitheacha ar ionchuir mhóra amhail fuinneamh agus laíon. An bhliain sin, mar a mhínítear i Roinn 5.5.2.1, bhí oibríochtaí laghdaithe ag muileann amháin san Aontas sular díoladh é. In 2023, bhain páipéar teirmeach trom na Cóiré, nach raibh faoi réir na gcostas fuinnimh agus laín as cuimse céanna agus a bhí táirgeoirí an Aontais, tairbhe as an spás a bhí fágtha ag muileann an Aontais a díoladh agus mhéadaigh sé a láithreacht siúd i margadh an Aontais go tapa (féach tábla 2) ar phraghsanna 318 EUR/tona níos ísle ná costas aonaid táirgthe thionscal an Aontais (féach tábla 8). Mar thoradh air sin, rinne tionscal an Aontais caillteanais ar deireadh (féach tábla 11). Chruthaigh an méadú tapa ar allmhairí na Cóiré in 2023 brú praghsanna i margadh an Aontais, cé go raibh méideanna foriomlána na n-allmhairí sin fós i bhfad faoi bhun mhéideanna allmhairí na Cóiré a breathnaíodh le linn thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh.

(105) Leis an sciar leanúnach den mhargadh a bhí ag allmhairí ar phraghsanna dumpáilte ó Phoblacht na Cóiré le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cuireadh tionscal an Aontais faoi bhrú praghsanna níos mó. An sochtadh praghsanna a tharlú dá réir, is cúis dhíreach é leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Bhí neamhábaltacht thionscal an Aontais praghsanna a mhéadú go leordhóthanach chun costais táirgthe a fhorchúiteamh inchurtha i leith allmhairí na Cóiré ar phraghas íseal, rud a ghabhfadh, murach sin, sciartha móra méadaitheacha den mhargadh. I ndáil leis sin, meabhraítear gur tionscal dianchaipitil é tionscal an pháipéir theirmigh a bhfuil costais sheasta arda mar shaintréith de. Dá réir sin, tá sé ríthábhachtach do tháirgeoirí an Aontais an sciar den mhargadh a choinneáil ar bun.

6.2. **Éifeachtaí tosca eile**

6.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(106) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a léirítear i dtábla 4. Is ón tSeirbia den chuid is mó a tháinig allmhairí páipéir theirmigh throm ó thríú tíortha seachas Poblacht na Cóiré, tír nach bhfuil monaróir páipéir theirmigh throm comhtháite aitheanta aici.

(107) Mar a tugadh faoi deara i Roinn 5.4 thuas, ní raibh an sciar den mhargadh a bhí ag méideanna allmhairí ó thríú tíortha seachas an tír lena mbaineann riamh os cionn 4 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus bhí sé ag 3,2 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(108) Tháinig laghdú ar mheánphraghsanna allmhairiúcháin le haghaidh allmhairí ó thríú tíortha seachas an tír lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú ach bhí siad fós i bhfad níos airde bliain ar bhliain ná na meánphraghsanna allmhairiúcháin le haghaidh allmhairí ón tír lena mbaineann agus níos airde ná praghsanna díola tháirgeoirí an Aontais i margadh an Aontais.

6.2.2. *Laghdú ar thomhaltas an Aontais*

(109) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 22 % ar thomhaltas an Aontais. É sin ráite, agus mar a luaitear in aithris (51), idir 2023 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, d'fhan tomhaltas an Aontais réasúnta cobhsaí. Mar sin féin, fuarthas amach san imscrúdú go ndearna an laghdú ar thomhaltas an Aontais díobháil do thionscal an Aontais. Tugtar faoi deara san imscrúdú bunaidh go raibh an leibhéal tomhaltais san Aontas níos airde ná mar a bhí san imscrúdú reatha ([19]). Tá an staid éagsúil, áfach, ag brath ar chur i bhfeidhm an táirge faoi athbhreithniú (le feidhmchláir barrachód/lipéad gan líne agus ríomhthráchtála atá fós ag fás, murab ionann agus, mar shampla, ráitis bhainc).

(110) Tharraing an laghdú ar an éileamh anuas táirgiúlacht agus brabúsacht thionscal an Aontais. Mar thoradh ar an sleabhcadh eacnamaíoch, cailleadh poist laistigh de roinnt mhaith táirgeoirí de chuid an Aontais, agus bhí deacrachtaí ag cuid acu caipiteal a chruinniú.

6.2.3. *Méadú ar chostais táirgthe*

(111) Is tionscal atá dian ar shócmhainní é táirgeadh páipéir theirmigh throm, ach rinneadh íobairt den táirgeadh mar gheall ar na deiseanna teoranta díolacháin ar leibhéil praghsanna inbhuanaithe. Mar a léirítear i dtábla 8, bhí ar thionscal an Aontais aghaidh a thabhairt ar mhéadú an-mhór ar chostas aonaid an táirgthe, méadú a bhí nasctha leis an méadú as cuimse ar fhuinneamh agus le mórchostais ionchuir. Ba é ba chúis leis an gcaillteanas a thabhaigh tionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nárbh fhéidir na praghsanna díola a mhéadú nuair a tháinig méadú ar chostais. Tharla an caillteanas i gcomhthéacs iomaíocht nach beag i margadh an Aontais (ina bhfuil táirgeoirí an Aontais i measc na bpríomhghníomhaithe) agus treisíodh é mar gheall ar ró-acmhainneacht dhomhanda.

6.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(112) I bhfianaise a bhfuil thuas, shuigh an Coimisiún, cé go ndearna allmhairí dumpáilte ó Phoblacht na Cóiré roinnt díobhála do thionscal an Aontais, go ndearna an laghdú ar thomhaltas an Aontais agus na costais táirgthe a bhí ag méadú le linn na tréimhse faoi bhreathnú díobháil ábhartha do thionscal an Aontais freisin. Mar sin féin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár mhaolaigh na tosca sin, ar bhonn aonair ná ar bhonn comhchoiteann, an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte na Cóiré agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(113) Ar aon nós, chinn an Coimisiún breis measúnaithe a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, ar cibé acu an dócha nó nach dócha go ndéanfaí díobháil an athuair arbh iad na hallmhairí dumpáilte ó Phoblacht na Cóiré ba chúis léi i dtosach báire dá ligfí do na bearta in aghaidh na n-allmhairí sin dul i léig.

([19]) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh, bhí tomhaltas an Aontais idir 180 000 agus 186 000 tona, mar a léirítear i dtábla 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/705 ón gCoimisiún an 26 Bealtaine 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí páipéir theirmigh throm áirithe de thionscnamh Phoblacht na Cóiré, (IO L 164, 27.5.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/705/oj).

7. AN DÓCHÚLACHT GO dTARLÓIDH DÍOBHÁIL ARÍS

(114) In éagmais comhoibriú ó aon pháirtí i bPoblacht na Cóiré, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil ar comhad. Scrúdaigh an Coimisiún an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tír lena mbaineann, tarraingteacht mhargadh an Aontais agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag méid na n-allmhairí agus ag na praghsanna allmhairiúcháin ar staid thionscal an Aontais dá ligfí do na bearta dul in éag.

7.1. Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise i bPoblacht na Cóiré

(115) Mar a thuairiscítear in aithrisí (39) go (40), tá sé de chumas *Hansol Paper* a leithdháileadh acmhainneachta táirgeachta a mhéadú ar son tháirgeadh an pháipéir theirmigh throm. Go deimhin, sonraíodh i dtuarascáil inbhuanaitheachta Hansol Paper an fhéidearthacht le haghaidh cumais inathraitheachta a fhágann gur féidir cineálacha éagsúla páipéir a tháirgeadh de réir staid an mhargaidh. Thairis sin, tá an acmhainneacht táirgeachta sa Chóiré tábhachtach, agus í dhá uair níos mó ar a laghad ná tomhaltas an Aontais agus roinnt uaireanta níos mó ná an tomhaltas intíre sa tír lena mbaineann.

7.2. Tarraingteacht mhargadh an Aontais

(116) Mar a thuairiscítear in aithris (43), is é margadh an Aontais an margadh is mó ar domhan le haghaidh páipéar teirmeach trom agus tá sé tarraingteach ó thaobh praghais de, fiú má léirigh staitisticí onnmhairiúcháin na Cóiré gurbh iad SAM an príomhcheann scríbe onnmhairiúcháin le haghaidh allmhairí na Cóiré le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, margadh ar tháinig feabhas ar inrochtaineacht dó do pháirtithe na Cóiré tar éis an athbhreithnithe dheireanaigh ar na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm.

(117) Thairis sin, mar a léirítear i dtáblaí 2 agus 3, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí na méideanna allmhairiúcháin ón tír lena mbaineann isteach san Aontas neamhdhiomaibhseach, agus tháinig laghdú ar na praghsanna allmhairiúcháin ó 2023. Tá na praghsanna allmhairiúcháin sin níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais. Go deimhin, san anailís ar shladghearradh a rinne an Coimisiún in aithrisí (59)-(60) léiríodh corrlach sladghearrtha 17,1 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nuair a bhí na dleachtanna frithdhumpála á n-eisiamh. Léiríonn sé sin, sa chás go ligfí do bhearta dul as feidhm, go gcuirfeadh allmhairí na Cóiré brú praghsanna ar thionscal an Aontais sa dóigh go gcaillfeadh sé méideanna díolachán agus/nó bheadh oibleagáid air ansin a leibhéil praghsanna a laghdú, agus rachfaí i gcion ar an mbrabúsacht dá bhrí sin.

7.3. Conclúid

(118) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid i bhfianaise easpa na mbeart gur dócha go dtiocfadh méadú mór ar allmhairí dumpáilte ó Phoblacht na Cóiré ar phraghsanna díobhálacha agus gur dócha gur dtarlódh an díobháil ábhartha arís mar thoradh ar allmhairí dumpáilte ó Phoblacht na Cóiré.

8. LEAS AN AONTAIS

(119) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine dá gcoinneofaí na bearta frithdhumpála atá ann faoi láthair ar bun. Rinneadh cinneadh maidir le leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla lena mbaineann, lena n-áirítear tionscal an Aontais, allmhaireoirí agus úsáideoirí.

8.1. Leas thionscal an Aontais

(120) Thacaigh comhaltaí CPTE, a raibh níos mó ná 75 % de tháirgeacht iomlán an táirge faoi athbhreithniú san Aontas acu, leis an ngearán agus chomhoibrigh siad leis an imscrúdú. D'fhan táirgeoirí eile de chuid an Aontais ina dtost.

(121) Dá gcoinneofaí na bearta atá i bhfeidhm ar bun, d'fhéadfaí fostaíocht a chosaint, infheistíochtaí níos mó a chur chun cinn agus brabúsacht thionscal an Aontais a fheabhsú go leibhéil a mheastar a bheith normálta don tionscal dianchaipitil sin.

(122) Dá gcoinneofaí na bearta ar bun, chuideofaí le cothrom na Féinne ó thaobh na hiomaíochta a athbhunú san Aontas agus thabharfaí le fios nach mór an tsaorthrádáil a dhéanamh faoi dhálaí iomaíocha cothroma.

(123) In éagmais beart, bheadh tionscal an Aontais neamhchosanta go hiomlán ar allmhairí dumpáilte ó Phoblacht na Cóiré, rachadh a staid airgeadais in olcas agus d'fhéadfaí a inmharthanacht agus a ionchais a chur i mbaol.

(124) Chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, go mbeadh sé chun leas thionscal an Aontais na dleacht frithdhumpála a choinneáil ar bun.

8.2. **Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil**

(125) Níor tháinig aon allmhaireoir chun cinn agus níor chomhoibrigh siad leis an imscrúdú.

(126) San imscrúdú bunaidh, bhí comhar ann ó allmhaireoir amháin nár chuir a sheasamh in iúl maidir le bearta. San imscrúdú bunaidh, thángthas ar an gconclúid nach ndéanfadh na dleachtanna dochar don allmhaireoir atá i gceist.

(127) I bhfianaise a bhfuil thuas, meastar nach mbeidh tionchar diúltach ag leathnú na ndleachtanna ar allmhaireoirí sa mhéid gur mó é ná éifeachtaí dearfacha na mbeart ar thionscal an Aontais.

8.3. **Leas na n-úsáideoirí**

(128) Níor tháinig aon úsáideoir chun cinn agus níor chomhoibrigh aon úsáideoir leis an imscrúdú.

(129) San imscrúdú bunaidh, tháinig cúig úsáideoir chun cinn, agus chuir úsáideoir amháin acu sin freagra ceistneora isteach. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, thángthas ar an gconclúid nár mhó aon éifeacht dhiúltach a dhíorthaítear ó dhleachtanna a fhorchur ar úsáideoirí ná éifeachtaí dearfacha na mbeart ar thionscal an Aontais.

(130) I bhfianaise a bhfuil thuas, meastar nach mbeidh tionchar diúltach ag leathnú na ndleachtanna ar úsáideoirí sa mhéid gur mó é ná éifeachtaí dearfacha na mbeart ar thionscal an Aontais.

8.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(131) Ar bhonn an méid thuasluaite, chinn an Coimisiún nach raibh aon chúis an-mhaith ann lena rá nach raibh sé chun leasa an Aontais na bearta atá ann cheana maidir le páipéar teirmeach trom ar de thionscnamh Phoblacht na Cóiré é a choinneáil ar bun.

9. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(132) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir leis an dóchúlacht go dtarlódh dumpáil arís, maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den díobháil agus maidir le leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála maidir le páipéar teirmeach trom áirithe ó Phoblacht na Cóiré a choinneáil ar bun.

(133) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]) nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(134) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bhunaítear le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

([20]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí páipéar teirmeach trom áirithe a shainmhínítear mar pháipéar teirmeach ina bhfuil meáchan is mó ná 65 g/m2; a dhíoltar ar rollaí atá 20 cm nó níos mó ar leithead, ina bhfuil meáchan 50 kg nó níos mó (lena n-áirítear páipéar) agus atá 40 cm nó níos mó ar trastomhas (ollrollaí); le bonnbhrat nó gan bhonnbhrat ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh; é brataithe le substaint theirmea-íogair (i.e. meascán ruaime agus réalóir a imoibríonn agus a chruthaíonn íomhá nuair a chuirtear teas i bhfeidhm) ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh; agus brat uachtair air nó gan a bheith air, de thionscnamh Phoblacht na Cóiré, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 4809 90 00, ex 4811 59 00 agus ex 4811 90 00 (cóid TARIC 4809 90 00 20, 4811 59 00 20 agus 4811 90 00 20).

2. 15,8 % a bheidh i ráta na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, ar an táirge a dtugtar tuairisc air i mír 1.

3. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN